# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

- Maidir leis na nótaí tacaíochta a chuirtear i láthair anseo, ní hiad amháin atá bailí ná, tógtha le chéile, ní liosta iomlán iad agus, maidir le haon phointe eolais ábhartha eile a chuireann iarrthóir i láthair, ba cheart caitheamh leis de réir a chuid buanna féin.

- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh athrú teacht ar na riachtanais ó bhliain go bliain mar sin.

- Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart agus nár tháinig siad salach ar a chéile, agus más léir nár úsáideadh i gceart iad nó gur tháinig siad salach ar a chéile, níor cheart na marcanna a bhronnadh.

| **2** | **1** | **0** |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br>• Forbairt theoranta | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá ráitis |


| **3** | **2** | **1** | **0** |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br>• Forbairt theoranta | • Eolas doiléir | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá ráitis |

| **4** | **3** | **2** | **1** | **0** |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br>• Forbairt theoranta | • Eolas doiléir | • Eolas nó mearbhlach nó nach bhfuil ag teacht le chéilé | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá ráitis |

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| **Nóta Mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más iomchuí)** |
|---|---|---|
| $\checkmark_{1}$ | Faisnéis bhailí | 1 |
| $\checkmark_{2}$ | Faisnéis bhailí | 2 |
| $\checkmark_{3}$ | Faisnéis bhailí | 3 |
| $\checkmark_{4}$ | Faisnéis bhailí | 4 |
| $\checkmark_{5}$ | Faisnéis bhailí | 5 |
| $\checkmark_{6}$ | Faisnéis bhailí | 6 |
| $\checkmark_{7}$ | Faisnéis bhailí | 7 |
| $\checkmark_{8}$ | Faisnéis bhailí | 8 |
| $\checkmark_{9}$ | Faisnéis bhailí | 9 |
| $\checkmark_{10}$ | Faisnéis bhailí | 10 |
| $\checkmark_{11}$ | Faisnéis bhailí | 11 |
| $\checkmark$ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| **0** | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |

# Roinn A

| | | **Freagraí féideartha**<br>Bronn 1 marc breise do gach ceann de na chéad cheithre cheist a freagraíodh i gceart | **Uas. Marc** |
|---|---|---|---|
| **1.** | | Léiríonn an graf thíos an ráta dífhostaíochta d'Éirinn ó mhí Iúil 2022 go dtí mí Eanáir 2023.<br><br><br>Curtha in oiriúint ó CSO | |
| | **(i)** | Sainaithin an mhí ina raibh an dífhostaíocht ag an leibhéal b'ísle.<br><br>**Iúil 2022** | **8** |
| | **(ii)** | Déan trácht ar an ráta dífhostaíochta idir mí Iúil 2022 agus mí Eanáir 2023, ag baint úsáid as figiúirí ón gcairt thuas.<br><br>**Treocht fhoriomlán**<br>Tháinig ardú ar an dífhostaíocht idir mí Iúil 2022 agus mí Eanáir 2023.<br>Ó 4.3% go 4.4%<br><br>**Treochtaí míosúla**<br>I mí Iúil, b'ionann an dífhostaíocht agus 4.3%. D'ardaigh sé go 4.4% i mí Lúnasa agus d'fhan sé ag an ráta céanna i mí Mheán Fómhair.<br>D'ardaigh sé arís i mí Dheireadh Fómhair go 4.5% agus bhí an ráta seasta i mí na Samhna ansin.<br>Thit sé arís i mí na Nollag go 4.4% agus bhí sé mar an gcéanna i mí Eanáir 2023. | **4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **(a)** | **Freagair (a) nó (b)**<br><br>In 2021, d'fhógair Banc KBC agus Banc Uladh go raibh sé ar intinn acu tarraingt amach ó mhargadh na hÉireann.<br>Arna chur in oiriúint ó centralbank.ie<br><br>Tabhair breac-chuntas ar dhá thionchar a bheadh ag imeacht Bhanc KBC agus Bhanc Uladh as margadh baincéireachta na hÉireann ar thomhaltóirí na hÉireann<br><br>• Níos lú rogha don tomhaltóir sa bhaincéireacht mhiondíola.<br>• An mhíchaoithiúlacht a bhaineann le féachaint le teacht ar sheirbhís baincéireachta eile.<br>• An fhéidearthacht go mbeadh an tseirbhís ar chaighdeán níos ísle agus níos mó seirbhísí á gcur ar fáil ar líne amháin.<br>• D'fhéadfadh táillí baincéireachta méadaithe agus teacht i dtír ar thomhaltóirí a bheith mar thoradh ar níos lú iomaíochta sa mhargadh.<br>• Brú méadaithe ar úsáideoirí Oifig an Phoist le haghaidh seirbhísí baincéireachta.<br>• Mar gheall ar easpa bainc fhisiceacha i gcathracha/bhailte d'fhéadfadh sé go mbeadh ar thomhaltóirí taisteal níos faide le haghaidh seirbhís bhaincéireachta.<br><br>**NÓ** | **1ú @ 8**<br>**2ú @ 4** |
| | **(b)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag Banc Ceannais na hÉireann<br><br>• Gníomhaíonn sé mar Bhanc an Rialtais.<br>• Coinníonn sé cobhsaíocht praghsanna: déanann sé iarracht brú boilscithe in Éirinn a laghdú.<br>• Coinníonn sé cobhsaíocht airgeadais: cinntíonn sé go bhfuil na margaí airgeadais saor ó shuaitheadh.<br>• Déanann sé anailís eacnamaíoch agus staitisticí: chun cuidiú le pleanáil eacnamaíoch.<br>• Cuireann sé rialacha agus rialacháin i bhfeidhm nach mór do na soláthraithe seirbhíse airgeadais a leanúint.<br>• Soláthraíonn sé cosaint do thomhaltóirí: trí gach institiúid airgeadais a rialú.<br>• Déanann sé maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais.<br>• Eisíonn sé nótaí agus boinn: is aige amháin atá an t-údarás chun nótaí agus boinn Euro a phriontáil agus a bhuaileadh. | **1ú @ 8**<br>**2ú @ 4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **(a)** | Tá mórán folúntas poist in Éirinn, ach cá bhfuil na hoibrithe.<br>Arna chur in oiriúint ó *The Irish Times*<br>**Freagair (a) nó (b)** | |
| | | **(i)** Luaigh réimse amháin ina bhfuil ganntanas scileanna i ngeilleagar na hÉireann.<br>• An earnáil fáilteachais.<br>• An ghairm leighis.<br>• An tionscal miondíola.<br>• Tógáil.<br>• Iompar. | **8** |
| | | **(ii)** Tabhair breac-chuntas ar thionchar eacnamaíochta amháin atá ag ganntanas oibrithe ar gheilleagar na hÉireann.<br>• D'fhéadfaí an pá a mhéadú chun oibrithe a mhealladh isteach sna tionscail seo.<br>• D'fhéadfadh costas táirgthe ardú agus cur leis an mboilsciú.<br>• Tionchar ar onnmhairí earraí agus seirbhísí mar gheall ar chostais mhéadaithe.<br>• Infhaighteacht laghdaithe earraí agus seirbhísí.<br>• FDI: Seans nach mbeidh Éire chomh tarraingteach le lonnú anseo.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh ar ghnólachtaí uaireanta oibriúcháin a laghdú, praghsanna a ardú, na seirbhísí a thairgeann siad a laghdú, rud a mbeadh brabúis agus droch-eispéiris aoi mar thoradh air. | **4** |
| | | **NÓ** | |
| | **(b)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá bheart a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas oibrithe sin<br>• An t-íosphá a mhéadú chun níos mó oibrithe a mhealladh chuig an ionad oibre.<br>• Infheistiú san oideachas sna réimsí ina bhfuil ganntanas scileanna.<br>• Feachtas earcaíochta chun oibrithe a mhealladh ó bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh.<br>• Á dhéanamh níos éasca d'oibrithe neamh-AE rochtain a fháil ar víosaí nó ar cheadanna oibre do na réimsí ina bhfuil ganntanas.<br>• Tabhairt isteach scéimeanna amhail Conairí chun Oibre chun cuidiú le daoine dífhostaithe obair a fháil,<br>• Oibriú in Éirinn (Work in Ireland), tairseach nua a chuidíonn le cuardaitheoirí poist a mheaitseáil le fostóirí, | **1ú @ 8**<br>**2ú @ 4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **(a)** | **Freagair (a) nó (b)** | |
| | | **(i)** Cuir in iúl le tic (✓), cé acu de na gnólachtaí seo a leanas a fheidhmíonn i struchtúr margaidh monaplachta in Éirinn. | **8** |

| Ainm na hEagraíochta | Taispeáin le tic (✓) cé acu ar struchtúr monaplachta é |
|---|---|
| Aer Lingus | |
| Iarnród Eireann (Irish Rail) | ✓ |
| VHI | |

**(ii)** Mínigh an téarma monaplacht san eacnamaíocht. **4**


Bíonn monaplacht ann i gcás nach bhfuil ach gnólacht amháin sa tionscal.
Is é an gnólacht an tionscal.
Is ionann monaplacht agus an t-aon soláthraí earra nó seirbhíse ar an margadh.
Is féidir leis an ngnólacht an praghas nó an chainníocht a rialú ach ní féidir leis an dá rud a rialú.

**NÓ**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar dhá shaintréith a bhaineann le margadh monaplachta. **1ú @ 8** **2ú @ 4**

- Díoltóir amháin– is é an gnólacht an tionscal. Is féidir leis an díoltóir praghas nó aschur a rialú ach ní féidir leis an dá rud a rialú.
- Tá bacainní ar iontráil. Ní féidir le gnólachtaí nua dul isteach sa tionscal.
- Tá claonchuar éilimh anuas os comhair an ghnólachta. Trí phraghsanna a laghdú is féidir níos mó a dhíol.
- Tá sé mar aidhm ag an ngnólacht an brabús a uasmhéadú. Baineann sé é sin amach nuair MC = MR.

**5.** Léirítear sa léaráid thíos soláthar na dticéad do Chorn Rugbaí an Domhain sa Fhrainc i mí Mheán Fómhair 2023. Mínigh an gaol atá idir praghas na dticéad agus soláthar na dticéad.




Míniú:

Tá soláthar na dticéad do Chorn Rugbaí an Domhain socraithe / ní athróidh sé / tá an praghas neamhleaisteach.
Má ardaíonn an praghas ní féidir an soláthar a mhéadú fiú má bhíonn na daoine a théann ag an gcluiche sásta níos mó a íoc as na ticéid.

**12**

**6.** Tá sé tuartha go méadóidh OTI (GDP sa Bhéarla) na hÉireann 2.7% in 2023.
Arna chur in oiriúint ó www.oecd.org

**(i)** Céard dó a seasann na túslitreacha OTI (GDP)?
Tá 'O' déanta cheana féin chun cuidiú leat.

| | | |
|---|---|---|
| *Oll-* | TÁIRGEACHT | INTÍRE |

**2 @ 4**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin a bhaineann geilleagar na hÉireann as OTI a bheith ag méadú **4**

- Borradh faoin éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí in Éirinn.
- Beidh níos mó daoine fostaithe chun na hearraí agus na seirbhísí a bhfuil éileamh orthu a chruthú.
- Caighdeán maireachtála méadaithe.
- Méadú ar ioncam cánach a fhaightear do rialtas na hÉireann.
- D'fhéadfadh sé go n-éireodh Éire níos tarraingtí do FDI.
- D'fhéadfadh sé go mbeidh níos mó roghanna ar fáil ag an Rialtas chun seirbhísí stáit a fheabhsú.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7.** | | Tháinig méadú de 52.9% go dtí €8.8 billiún ar fháltais cháin chorparáide in Éirinn ó Mheitheamh 2021 go Meitheamh 2022, sin beagnach an ceathrú cuid d'iomlán na gcánacha a bailíodh.<br>Arna chur in oiriúint ó Reuters<br><br>Mínigh dhá chúis a mbailíonn an rialtas in Éirinn cáin.<br><br>• Chun seirbhísí stáit / bonneagar amhail oideachas, sláinte srl a mhaoiniú / a fheabhsú.<br>• Chun iompar áirithe a spreagadh nó iompar eile a dhíspreagadh.<br>• Chun éagothroime a laghdú: cáin a ghearradh orthu siúd atá ábalta íoc aisti agus soláthar a dhéanamh dóibh siúd atá ar ioncam íseal.<br>• Chun cuidiú leis an bhfiachas náisiúnta a aisíoc. | **1ú @ 8**<br>**2ú @ 4** |
| **8 .** | | Tá Éire sa dara háit ar domhan ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna. | |
| | **(i)** | Ainmnigh dhá cheann de na trí réimse (eilimintí) a thomhaistear leis an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (HDI). Tá ceann amháin díobh comhlánaithe chun cuidiú leat.<br><br>1. *Ollioncam Náisiúnta*<br>2. OIDEACHAS<br>3. IONCHAS SAOIL | **1ú @ 4**<br>**2ú @ 2** |
| | **(ii)** | Cén réimse de chaiteachas an rialtais, dar leat, a chuidigh le hÉirinn an dara háit sa domhan a bhaint amach ar an IFD. Mínigh do fhreagra.<br><br>Réimse caiteachais:<br>Oideachas<br><br>Míniú:<br>Tá lucht saothair oilte ábalta fostaíocht a fháil.<br>Meallann caighdeán an oideachais in Éirinn FDI go dtí an tír, rud a chruthaíonn na mílte post agus cruthaíonn sé sin ioncam agus rachmas sa tír.<br>Dá réir sin, cruthaítear caighdeán maireachtála níos fearr do mhuintir na hÉireann. | **1ú @ 4**<br>**2ú @ 2** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **9.** | **(i)** | Mínigh an téarma deischostas.<br><br>• Costas na roghanna soiléire ***nó*** sampla atá mínithe go hiomlán.<br>• An costas a bhaineann leis an gcéad rogha eile is fearr a ligean tharat agus cinneadh á dhéanamh. | **1ú @ 8**<br>**2ú @ 4** |
| | **(ii)** | Tá cistiú caipitil de €2.3bn leithdháilte do thithíocht shóisialta inacmhainne i gCáinaisnéis 2023.<br><br>Tabhair breac-chuntas ar dheischostas amháin a bhaineann le caiteachas rialtais ar thithíocht shóisialta inacmhainne.<br><br>D'fhéadfadh sé gur chaith rialtas na hÉireann an t-airgead ar rud éigin eile e.g. infheistíocht san oideachas, forbairt na n-ospidéal, feabhas a chur ar bhonneagar srl. | |
| **10.** | | Faoi láthair, tá an rialtas ag iarraidh laghdú a dhéanamh ar fhadhb na vápála i measc déagóirí óga in Éirinn.<br><br>Luaigh sochar príobháideach amháin agus sochar sóisialta amháin a thiocfaidh chun cinn má éiríonn leis an idirghabháil rialtais seo.<br><br>Sochar príobháideach:<br><br>• Beidh níos mó ioncam indiúscartha ag déagóirí.<br>• Is féidir go bhfeabhsódh a sláinte.<br>• B'fhéidir go laghdófaí an dreasacht chun aistriú chuig caitheamh tobac.<br><br>Buntáiste sóisialta:<br><br>• Daonra óg níos sláintiúla.<br>• Níos lú truailliú aeir.<br>• Laghdú ar dhramhaíl – galtoitíní indiúscartha.<br>• Tionchar laghdaithe nicotín ar an inchinn agus ar na scamhóga. | **1ú @ 8**<br>**2ú @ 4** |

| Ceist 11 |
|---|

| | | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|
| **(a)**<br><br>**20** | **(i)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis, dar leat, ar sampla d'iomaíocht mhonaplach iad tionscal na gruaige agus na scéimhe.<br><br>• Tá a lán gnólachtaí sa tionscal: is féidir le gach díoltóir tionchar a imirt ar a ndíolachán.<br>• Tá a lán ceannaitheoirí sa tionscal: ní féidir le ceannaitheoir ar bith tionchar a imirt ar phraghas an mhargaidh.<br>• Is dlúthionadaithe iad na táirgí agus na seirbhísí ar a chéile: éascaíonn sé seo fógraíocht fhairsing.<br>• Is mian le gnólachtaí brabúis a uasmhéadú nuair MC=MR. | **1ú @ 6**<br>**2ú @ 4** |
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann tomhaltóirí as iomaíocht mhonaplach.<br><br>• Baineann tomhaltóirí leas as rogha mhéadaithe.<br>• Mar gheall ar an iomaíocht d'fhéadfadh sé go mbainfeadh an tomhaltóir leas as praghsáil níos iomaíche.<br>• D'fhéadfadh sé go mbainfeadh siad leas as caighdeán seirbhíse níos fearr freisin.<br>• Toisc go dtuilleadh gnólachtaí gnáthbhrabús san fhadtréimhse, is lú an seans go rachfar i dtír ar thomhaltóirí le praghsanna níos airde.<br>• Mar gheall ar iomaíocht, d'fhéadfadh go mbeadh níos mó nuálaíochta sa tionscal.<br>• Toisc go mbíonn gnólachtaí sa tionscal seo i mbun fógraíochta iomaíoch, d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil sé de bhuntáiste ag tomhaltóirí fáil a bheith acu ar níos mó faisnéise / d'fhéadfadh fáil a bheith ag tomhaltóirí ar bhónais dílseachta branda. | **1ú @ 6**<br>**2ú @ 4** |

**(b)**

**35**


Sa léaráid thíos taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta sa tionscal seo.

**(i)** Scríobh amach go hiomlán céard dó a seasann na trí mhír a bhfuil uimhir (1-3) orthu sa léaráid thíos. (Ná húsáid giorrúcháin) — **3 @ 8**

| | |
|---|---|
| 1. | MEÁNCHOSTAS |
| 2. | MEÁNIONCAIM / ÉILEAMH |
| 3. | LÍON |

**(ii)** Tarlaíonn cothromaíocht ag pointe E ar an léaráid thíos.
Cuir in iúl go soiléir agus lipéadaigh ar an léaráid thuas

- An t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad Q1) — **1ú @ 4**
- An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur (úsáid an lipéad **P1**) — **2ú @ 4**
- Meánchostas táirgeachta an aschuir seo (úsáid an lipéad **C1**) — **3ú @ 1**





**(iii)** An bhfuil an gnólacht thuas ag táirgeadh go héifeachtúil? Tá: Níl:

Níl. — **1**

Níl an gnólacht ag táirgeadh ag an bpointe íosta ar an gcuar AC agus mar sin tá sé mí-éifeachtach agus ag cur acmhainní ganna amú. — **1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br>**20** | | Meastar gur fiú €400m an geilleagar folaithe sa mhargadh gruaige agus scéimhe.<br>(Luach Eacnamaíoch an Mhargaidh Gruaige & Scéimhe in Éirinn, Jim Power le haghaidh HABIC, 2020) | |
| | **(i)** | Tá rialtas na hÉireann buartha faoi mhéid an gheilleagair fholaithe seo.<br><br>Mínigh an téarma geilleagar folaithe.<br>Tabhair sampla amháin eile de ghníomhaíocht i ngeilleagar folaithe na hÉireann.<br><br>Míniú:<br><br>• Is éard atá sa gheilleagar folaithe ná gach gníomhaíocht eacnamaíoch nach dtaifeadtar sna cuntais ioncaim náisiúnta.<br>• Tagraíonn sé d'ioncam ó fhoinsí mídhleathacha/ioncam neamhdhearbhaithe ó tháirgeadh earraí agus seirbhísí ó idirbhearta airgeadaíochta nó babhtála.<br>• Gníomhaíochtaí lasmuigh de na córais chánach/rialála. | **6** |
| | | Tabhair sampla amháin eile de ghníomhaíocht i ngeilleagar folaithe na hÉireann.<br><br>Díol toitíní ar an margadh dubh.  Múinteoirí ag teagasc sa bhreis gan cáin a íoc. | **4** |
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar thionchar amháin atá ag an ngeilleagar folaithe seo i margadh na gruaige agus na scéimhe ar ghnólachtaí sa tionscal seo agus ar Rialtas na hÉireann.<br><br>Éifeacht an gheilleagair fholaithe ar na gnólachtaí sa tionscal seo:<br><br>• Caillteanas ioncaim do na gnólachtaí atá sa gheilleagar dlisteanach a íocann a gcuid cánacha go léir.<br>• D'fhéadfadh sé go gcuirfí iallach ar ghnólachtaí dlisteanacha a gcuid praghsanna a ghearradh / a gcaighdeán seirbhíse a athrú.<br>• D'fhéadfaí teacht i dtír ar oibrithe: b'fhéidir nach n-íocfaidh an t-íosphá leo.<br>• Dúnadh féideartha gnólachtaí dlisteanacha.<br>• Tá ganntanas scileanna san earnáil dhlisteanach ghruaige agus scéimhe, rud a bhfuil tionchar diúltach aige ar na seirbhísí is féidir a sholáthar.<br><br>Éifeacht an gheilleagair fholaithe ar rialtas na hÉireann:<br><br>• Cailleadh ioncaim don stát i gcánacha neamhíoctha.<br>• Costais bhreise ar staid na monatóireachta ar an ngeilleagar folaithe.<br>• D'fhéadfadh méadú ar choireacht a bheith mar thoradh air m.sh. i soláthar drugaí mídhleathacha.<br>• Damáiste do cháil don tír toisc go bhfeictear í mar thearmann le haghaidh imghabháil cánach. | **1ú @ 6**<br>**2ú @ 4** |


## Ceist 12

| | | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|
| **(a)**<br><br>**28** | | Léirítear ioncam pleanáilte an rialtais do 2023 sa phíchairt thíos, (cuireadh na figiúirí in oiriúint).<br><br><br><br><br>Arna chur in oiriúint ó gov.ie | |
| | **(i)** | Agus úsáid á baint agat as na figiúirí atá sa phíchairt thuas, ríomh an t-ioncam iomlán ina € mhilliúin a bhfuil súil ag an rialtas é a fháil. Taispeáin do chuid oibre.<br><br>€27.5m + €14m + €17m + €27.5m + €2m + €7m = € 95 milliún<br><br>*Bain 1 mharc an ceann as easnamh de € agus milliún* | **16**<br><br>**6 @ 2**<br>**Fr: 4** |
| | **(ii)** | Ag baint úsáid as do fhreagra in (i) thuas ríomh an céatadán dá ioncam a gheobhaidh an rialtas i gcáin ioncaim. Taispeáin do chuid oibre.<br><br>€27.5m / €95m x 100 = 28.94% / 29%.<br><br>*Bain 1 mharc as easnamh %* | **12**<br>**4 @ 3** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)**<br><br>**20** | **(i)**<br><br><br><br><br><br><br>**(ii)** | Tá cothromas ar cheann de na prionsabail a bhaineann le córas maith cánach. Mínigh an téarma cothromas.<br><br>Ciallaíonn sé sin dá mhéad ioncaim a thuilleann tú, is ea is mó cánach a íocfaidh tú. Cuireann an córas cánach cumas chun íoc san áireamh.<br><br>Mínigh dhá phrionsabal eile a bhaineann le córas maith cánach agus atá tábhachtach i gcúinsí eacnamaíochta an lae inniu, dar leat.<br>• Níor cheart go mbeadh córas cánach maith ina dhídhreasacht chun oibre.<br>• Áisiúlacht: Ba cheart go mbeadh sé éasca agus áisiúil an cháin a bhailiú.<br>• Ba cheart go ndíspreagfadh sé imghabháil cánach.<br>• Cinnteacht: ba cheart go mbeadh an méid cánach atá le híoc soiléir nó cinnte.<br>• Eacnamaíoch: Ba cheart go mbeadh an t-ioncam a bhailítear níos mó ná an costas bailiúcháin. | **10**<br><br><br><br>**1ú @ 8**<br>**2ú @ 4** |
| **(c)**<br><br>**27** | <br><br>**(i)**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**(ii)**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**(iii)** | Mar chuid de Cháinaisnéis 2023 d’fhógair an rialtas go gcuirfí creidmheas leictreachais de €600 i bhfeidhm ar bhillí leictreachais gach teaghlaigh.<br><br>Tabhair breac-chuntas amháin ar an tairbhe a bhaineann an teaghlach Éireannach as an gcreidmheas leictreachais sin.<br>• Cuidíonn sé le teaghlaigh Éireannacha a gcaighdeán maireachtála a choinneáil le linn géarchéim costais maireachtála.<br>• Laghdaíonn sé costais leictreachais do theaghlaigh nuair a bhíonn ardbhoilsciú fuinnimh ann.<br>• Laghdaíonn sé an baol bochtaineachta fuinnimh do theaghlaigh ar ioncam seasta/íseal.<br>• D’fhéadfadh sé cuidiú le strus / imní a laghdú do theaghlaigh a mbíonn bhillí atá ag méadú acu.<br>• Cuidíonn sé le teaghlaigh ar ioncam íseal trí níos mó ioncam indiúscartha a chur ar fáil dóibh.<br><br>Déan cur síos ar dhá ghníomh a d’fhéadfadh teaghlach Éireannach a dhéanamh chun a mbillí leictreachais a laghdú agus iad a dhéanamh níos inbhuanaithe.<br>• D’fhéadfadh an teaghlach Éireannach a n-ídiú leictreachais a laghdú: fearais nach bhfuil in úsáid a chasadh as.<br>• D’fhéadfadh an teaghlach Éireannach breathnú ar bhealaí eile le teacht ar fhuinneamh e.g. painéil ghréine a chur isteach.<br>• D’fhéadfaidís a chinntiú go bhfuil a bhfearais leictreacha níos tíosaí ar fhuinneamh: athrú go fearais rátála fuinnimh fheabhsaithe.<br>• D’fhéadfaidís a bheith níos aireach ar úsáid m.sh. fuireachas, citeal iomlán a fhiuchadh le haghaidh cupán tae amháin. Úsáid miasniteoirí/innill níocháin le hualaí iomlána.<br><br>Ainmnigh trí ghallán na hinbhuanaitheachta: Eacnamaíoch/ Timpeallacht/ Sóisialta | <br><br>**10**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**1ú @ 10**<br>**2ú @ 4**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**3** |

# Ceist 13

| | | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|
| **(a)**<br><br>**22** | | Taispeántar ar an mbarrachairt thíos luach ionchasach easpórtálacha bia agus dí d'Éirinn ó 2016 go 2021.<br><br>Arna chur in oiriúint ó bordbia.ie | |




| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(i)** | Agus úsáid á baint agat as an mbarrachairt thuas, freagair na ceisteanna seo a leanas.<br><br>Luaigh an bhliain ina raibh an luach ab airde ar easpórtálacha bia agus dí as Éirinn<br>2019<br>Luaigh an bhliain ina raibh an luach ab ísle ar easpórtálacha bia agus dí as Éirinn.<br>2016 | **$1^{ú}$ @ 8**<br>**$2^{ú}$ @ 4** |
| | **(ii)** | Déan cur síos ar dhá bhuntáiste a bhaineann geilleagar na hÉireann as easpórtálacha.<br><br>• Ioncam náisiúnta méadaithe: gineann onnmhairiú earraí agus seirbhísí airgead do gheilleagar na hÉireann agus bíonn méadú ar fhás eacnamaíoch mar thoradh air sin.<br>• Fostaíocht: Mar thoradh ar an éileamh ar earraí agus seirbhísí Éireannacha thar lear tagann méadú ar na poist i ngeilleagar na hÉireann<br>• Méadóidh ioncam an rialtais i dtéarmaí an mhéadaithe ar an gcáin chorparáideach a bhailítear agus ÍMAT agus CBL a bhailítear.<br>• Buntáiste na barainneachta scála do ghnólachtaí Éireannacha a easpórtálann thar lear. Is iad sin an coigilteas costais a bheidh mar thoradh ar tháirgeadh méadaithe chun freastal ar an éileamh ar earraí agus seirbhísí Éireannacha thar lear. | **$1^{ú}$ @ 8**<br>**$2^{ú}$ @ 2** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)**<br><br>**35** | | Úsáidtear an fhoirmle seo a leanas chun an tIoncam Náisiúnta a ríomh:<br><br>Ioncam Náisiúnta (Y) = C + Infheistíocht + G + Easpórtálacha – Iompórtálacha | |
| | **(i)** | Luaigh céard dó a seasann gach ceann de na litreacha **C** agus **G**.<br><br>Ídiú<br>Caiteachas rialtais | **2 @ 4** |
| | **(ii)** | Ag baint úsáid as an bhfoirmle in **(i)** thuas agus as na figiúirí thíos ríomh:<br><br>• Leibhéal an Ioncaim Náisiúnta in 2023 agus<br>• Comhardú na Trádála<br>Taispeáin do chuid oibre. | |

| Bliain | Ioncam | P | Infheistíocht | G | Easpórtálacha | Iompórtálacha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€ m** | **€ m** | **€ m** | **€ m** | **€ m** | **€ m** |
| **2023** | | 700 | 200 | 400 | 300 | 200 |

Ollioncam Náisiúnta: **18** **6 @ 3**

Y = C + I + G + (X-M)
Y = €700m+ €200m + €400m + €300m - €200m
Y = €1,400m

*Bain 1 mharc an ceann as easnamh de € agus milliún*

Comhardú na Trádála: **9** **3 @ 3**

Easpórtálacha – Impórtálacha
€300m – €200m = €100m

*Bain 1 mharc an ceann as easnamh de € agus milliún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br><br>**18** | | Nuair a d'ardaigh An Banc Ceannais Eorpach (BCE) rátaí úis 0.5%, d'fhógair Banc na hÉireann roinnt athruithe ar rátaí úis.<br>Arna chur in oiriúint ó Bhanc na hÉireann | |
| | **(i)** | Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a mbeadh tionchar ag an ardú sin sna rátaí úis ar thomhaltóirí a bhfuil morgáistí ó Bhanc na hÉireann acu.<br><br>• Méadú ar aisíocaíochtaí míosúla ar mhorgáistí: lúide ioncam indiúscartha agus caighdeán maireachtála níos ísle.<br>• D'fhéadfadh an méadú ar aisíocaíochtaí a bheith neamhinacmhainne do roinnt tomhaltóirí agus d'fhéadfadh sé go dtitfeadh siad i riaráiste/go gcaillfidís a dteach.<br>• D'fhéadfadh sé a bheidh níos deacra do dhaoine ar mian leo a gcos a chur ar dhréimire na tithíochta, b'fhéidir go mbeidh orthu airgead a shábháil anois ar feadh níos faide le go mbeidh siad ábalta teach a cheannach. | **8** |
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a bhféadfadh an t-ardú sna rátaí úis dul i bhfeidhm ar choigilteas i ngeilleagar na hÉireann<br><br>• D'fhéadfaí coigilteas a mhéadú má chaitheann daoine níos lú airgid agus má mhealltar iad chun coigilteas a dhéanamh leis na rátaí úis níos airde – má thairgtear an t-ardú ar rátaí do choigilteoirí.<br>• Dóibh siúd a íocann aisíocaíochtaí morgáiste níos airde d'fhéadfadh sé go laghdódh an coigilteas mar nach bhfuil a oiread ioncam indiúscartha acu.<br>• Toisc go mbíonn na rátaí úis i bhfad níos ísle ná rátaí boilscithe i gcónaí, b'fhéidir nach mbeadh aon éifeacht aige ar an leibhéal coigiltis | **8** |
| | **(iii)** | Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhfuil tomhaltóirí ag aistriú chuig an aip bhaincéireachta ar líne ar a dtugtar Revolut.<br><br>• Tá áit amháin ag an tomhaltóir chun déileáil le gach ábhar a bhaineann le hairgead.<br>• Meastar go bhfuil app Revolut i bhfad níos fearr ná Banc na hÉireann / Banc AIB srl. toisc go bhfuil sé níos éasca le húsáid.<br>• Tá aistriú airgid saor in aisce.<br>• Is féidir billí a roinnt ag baint úsáid as Revolut.<br>• Níl aon táillí folaithe ann – is féidir airgead a sheoladh agus a fháil i 29 airgeadra<br>• Déantar na haistrithe ar an toirt is cuma cá háit ar domhan a bhfuil na tomhaltóirí bunaithe.<br>• Is féidir leat airgead a shábháil agus tú ag caitheann airgid le Revolut.<br>• Is féidir leat do chuid airgid a rianú.<br>• Soláthraíonn sé árachas fón póca agus leighis thar lear.<br>• Is féidir le húsáideoirí leas a bhaint as rátaí malairte fabhracha leis.<br>• Is féidir le húsáideoirí stoic agus criptea-airgeadraí a cheannach. | **2** |
| | | | |


## Ceist 14

| | | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|

**(a)**

**22**

Taispeántar sa líneghraf thíos athruithe ar phraghas an pheitril in Éirinn ó mhí Aibreán go Meán Fómhair 2022.




**(i)** Déan trácht ar phríomhthreocht amháin i bpraghas an pheitril sa líneghraf thuas agus eolas ón ngraf á úsáid agat. — **10 (6+4)**

Ó mhí Aibreáin go mí an Mheithimh 2022, bhí méadú praghsanna peitril ag méadú go seasta.
D'ardaigh na praghsanna ó €1.80 go dtí os cionn €2.10.

Ó mhí an Mheithimh 2022 go dtí mí Mheán Fómhair 2022. Thit na praghsanna peitril.
Bhí an laghdú géar idir mí an Mheithimh €2.10 go dtí faoi bhun €1.90 i mí Lúnasa.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin ar athraigh praghas an pheitril ó mhí Aibreáin go Meitheamh sa líneghraf thuas **agus** mínigh tionchar amháin a bhí aige sin ar thomhaltóirí in Éirinn. — **1ú @ 8, 2ú @ 4**

Cúis:

Mar gheall ar mhaolú na srianta i ndiaidh na dianghlasála tháinig méadú ar an éileamh ar pheitreal mar go raibh daoine ábalta gluaiseacht go héasca arís ar fud na tíre agus bhí gnólachtaí ar ais mar a bhíodh.

Mar sin féin, tharla an t-ardú géar ar phraghsanna níos déanaí sa bhliain mar gheall ar smachtbhannaí an AE a forchuireadh ar ola na Rúise i ndiaidh ionradh na hÚcráine. Ba é an easpa soláthair ba chúis leis an ardú géar ar phraghsanna go dtí go bhfuarthas foinsí eile ola.

Éifeacht:

Mar thoradh ar an ardú ar phraghsanna peitril éiríonn caighdeán maireachtála tomhaltóirí níos ísle toisc go méadaíonn an costas maireachtála / Mar thoradh ar ardú ar phraghas an pheitril tagann méadú dosheachanta ar chostas táirgthe agus iompair earraí / laghdaíonn tomhaltóirí líon na dturas / baineann tomhaltóirí úsáid níos mó as iompar poiblí / siúl / rothaíocht nuair is féidir / athrú chuig feithiclí leictreacha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)**<br>**30** | | Taispeántar sa tábla thíos an t-aschur, costas iomlán, an t-ioncam iomlán agus an brabús/caillteanas a shaothraítear ar<br>luchtairí iniompartha le haghaidh gléasanna leictreonacha<br><br>Is é €15 praghas díola gach earra a dhíoltar. | |

| **Aschur (Aonaid)** | 0 | 200 | 400 |
|---|---|---|---|
| **Costas Iomlán** | €500 | €2500 | €4500 |
| **Ioncam Iomlán** | €0 | €3000 | |
| **Brabús nó Caillteanas Iomlán** | **-€500** | **€500** | |

**(i)** Ríomh an t-ioncam iomlán má dhíolann an gnólacht 400 aonad. Taispeáin do chuid oibre. **18 3 @ 6**

Ioncam iomlán = Praghas x Cainníocht

= €15 x 400 aonad

= €6,000 *Bain 1 as easnamh euro*

**(ii)** Ríomh an brabús a shaothraítear nuair a dhíolann an gnólacht 400 aonad Taispeáin do chuid oibre. **9 3 @ 3**

Brabús = Ioncam iomlán – Costas iomlán

= €6,000 - €4,500

= €1,500 *Bain 1 as easnamh euro*


**(iii)** Tá ganntanas páirteanna le haghaidh gléasanna leictreonacha a dhéanamh tagtha chun cinn ar fud an domhain.
Mínigh cúis amháin a d'fhéadfadh a bheith leis an nganntanas páirteanna sin **3**

- Cur isteach ar an slabhra soláthair mar gheall ar dhianghlasáil thar thréimhse ama le linn phaindéim COVID 19 ar fud an domhain
- Cur isteach ar iompar mar gheall ar an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin.
- Ganntanas scileanna sna tionscail sin a dhéanann na gléasanna seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br><br>**23** | **(i)** | Mínigh na téarmaí costais sheasta agus costais athraitheacha agus tabhair sampla amháin de gach ceann acu.<br><br>Costais sheasta**:** costais a fhanann mar a chéile beag beann ar líon na n-aonad a tháirgtear. Ní athraíonn siad leis an aschur. Caithfear na costais sin a íoc fiú mura dtáirgtear aon rud.<br><br>Samplaí: cíos áitribh, árachas, rátaí, buiséad margaíochta, táillí comhairleoireachta<br><br>Costais athraitheacha: costais a athraíonn leis an aschur is é sin, dá mhéad a tháirgtear is ea is mó a chosnóidh sé. Athraíonn siad leis an aschur.<br><br>Samplaí: amhábhair, leictreachas, pá, pacáistiú, | <br><br>**6**<br><br>**3**<br><br>**6**<br><br>**3** |
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhfuil sé tábhachtach do ghnólacht leanúint de bheith ag déanamh brabúis (san fhadtéarma).<br><br>• Leanúint ar aghaidh leis an táirgeadh: tá brabúis riachtanach chun go gcoinneoidh an fiontraí i mbun gnó. Is é an toradh ar a gcuid ama agus a n-iarracht an gnólacht a choinneáil ar bun.<br>• Níos éasca airgeadas a thiomsú: má bhíonn brabúis ann beidh sé níos éasca airgeadas a thiomsú e.g. iasacht bainc nó chun tabhairt ar infheisteoirí scaireanna a cheannach.<br>• Leathnú cistí: cuirfidh brabúis ar chumas an ghnólachta leathnú agus fás.<br>• Spreagann sé dul i riosca: tá brabúis riachtanach le go bhféadfaidh fiontraí dul i rioscaí<br>• Nuálaíocht luach saothair: d’fhéadfadh gnólacht a thuilleann brabús na gnólachtaí is éifeachtaí nó na gnólachtaí atá ag íoslaghdú costais a spreagadh. | **5** |

## Ceist 15

| | | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|---|
| **(a)**<br>**25** | | Taispeántar sa ghrafaic eolais thíos sonraí faoi líon na bhfeithiclí a ceadúnaíodh den chéad uair in Éirinn in 2021 | |





**Líon IOMLÁN na bhfeithiclí = 208,913**

Curtha in oiriúint ó CSO

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(i)** | Agus an t-eolas sa tábla thuas á úsáid agat, ríomh céatadán (%) na gcarranna príobháideacha (nua agus athláimhe), mar chéatadán d'iomlán na bhfeithiclí a ceadúnaíodh den chéad uair in 2021. Taispeáin do chuid oibre.<br><br>$\frac{101,853 + 68,042}{208\,913} \times 100 = 81.32\%$<br><br>*Bain 1 mharc as easnamh %* | **20**<br>**5 @ 4** |
| | **(ii)** | Faoi láthair, tá rialtas na hÉireann ag fóirdheonú úsáideoirí iompair phoiblí. Mínigh an téarma fóirdheontas i gcomhthéacs an iompair phoiblí.<br><br>Tá rialtas na hÉireann ag íoc as cuid den chostas a bhaineann le tomhaltóirí a úsáideann an t-iompar poiblí le soláthraithe na seirbhíse. | **5** |

**(b)**
**30**

**(i)** Tarraing agus lipéadaigh cuar éilimh an mhargaidh (na haiseanna san áireamh) do charranna leictreacha. **16** **4 @ 4**




**(ii)** Má thagann méadú ar ioncam tomhaltóirí, taispeáin an bealach a rachadh sé sin i bhfeidhm ar chuar éilimh an mhargaidh in (i) thuas. Mínigh do fhreagra. **9** **(6+3)**

Aistríonn cuar an éilimh go dtí taobh na láimhe deise.
Tá sé d’acmhainn ag tomhaltóirí níos mó a cheannach.

**(iii)** Mínigh toisc amháin, seachas méadú ar ioncam, a mbeadh tionchar aici ar an éileamh ar charranna leictreacha i margadh. **5**

- Athrú ar spéis nó ar rogha an tomhaltóra maidir le feithicil leictreach a thiomáint nó ar fhógraíocht mhéadaithe ar na buntáistí a bhaineann le feithicil leictreach a thiomáint.
- Tionscnaimh rialtais a d’fhéadfadh cuidiú le ceannaitheoirí leis an bpraghas ceannaigh.
- Ionchas maidir le praghsanna amach anseo: má tá súil ag tomhaltóirí go n-ardóidh praghsanna amach anseo d'fhéadfadh sé go spreagfaí iad chun ceannach a dhéanamh anois.
- Athrú ar phraghas earra ionaid nó earraí comhlántacha: dá n-ardódh praghsanna na gcarranna díosail/peitril b’fhéidir go n-éireodh feithiclí leictreacha níos tarraingtí.
- Tosca neamhbheartaithe: dá bhfógródh an tAontas go bhfuil deireadh le cur le táirgeadh carranna díosail/peitril níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br>**20** | | ‘Beidh an sprioc atá ag an Rialtas gar do mhilliún feithicil leictreach (EVanna) a bheith ar an mbóthar faoi 2030 ina ‘dúshlán mór’ mura dtugann an Rialtas isteach dreasachtaí agus tacaíochtaí chun déileáil leis na fadhbanna a bhaineann leis an na carranna is sine agus is mó a dhéanann truailliú.<br>Arna chur in oiriúint ó *The Irish Times* | |
| | **(i)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a bhféadfadh rialtas na hÉireann dul i bhfeidhm ar thomhaltóirí chun go n-aistreoidís chuig carranna leictreacha.<br><br>• Deontas a sholáthar do thomhaltóirí chun ceannach na gcarranna a spreagadh.<br>• Pointí luchtaithe a sholáthar i dtithe na dtomhaltóirí a cheannaíonn carranna leictreacha.<br>• An VRT ar charranna leictreacha a laghdú.<br>• An VRT ar charranna peitril agus díosail a mhéadú.<br>• Na cánacha ar pheitreal agus ar dhíosal a mhéadú ionas nach gceannóidh tomhaltóirí carranna den sórt sin.<br>• Páirceáil sráide saor in aisce agus/nó stáisiúin luchtaithe in aisce a sholáthar d’úsáideoirí feithiclí leictreacha.<br>• Feachtais feasachta rialtais chun tairbhí an iompair inbhuanaithe don tsochaí a chur chun cinn. | **1ú @ 8**<br>**2ú @ 4** |
| | **(ii)** | Déan cur síos ar thairbhe shóisialta amháin a bhainfeadh Éire as breis tomhaltóirí a bheith ag aistriú chuig carranna hibrideacha agus carranna leictreacha.<br><br>• Níos lú truailliú aeir de bharr astaíochtaí carbóin laghdaithe.<br>• Sláinte fheabhsaithe don daonra mar go mbeidh an t-aer níos glaine/laghdú ar thinneas riospráide.<br>• Téann comhshaol níos glaine chun tairbhe do gach saoránach – le laghdú ar astaíochtaí carbóin b’fhéidir go mothóidh saoránaigh níos fearr faoina dtimpeallacht. | **8** |
| | | | |

## Ceist 16

<table>
<tr><th></th><th></th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas. Marc</th></tr>
<tr><td>(a)<br><br>30</td><td>(i)</td><td>Bhunaigh Tom Keogh, Keogh's Crisps in 2011 agus cheana féin tá siad ar díol i 16 thír ar fud an domhain. Tá sé ar cheann de na déantúsóirí bia is mó fás in Éirinn<br>Arna chur in oiriúint ó Irish exporters.ie<br><br>Comhlánaigh an tábla thíos chun do thuiscint ar na tosca táirgeachta a úsáidtear i ndéantúsaíocht Keogh's Crisps a thaispeáint.<br>Tá cuid den eolas comhlánaithe cheana duit.<br><br>
<table>
<tr><th>Tosca Táirgeachta</th><th>Míniú</th><th>Sampla</th></tr>
<tr><td>1. TALAMH</td><td>Ní ar bith a sholáthraíonn an nádúr agus a chabhraíonn leis an táirgeadh.</td><td>PRÁTAÍ<br>SALANN<br>OLA</td></tr>
<tr><td>2. SAOTHAR</td><td>AN IARRACHT DAONNA A BHAINEANN LE TÁIRGEADH EARRA NÓ SEIRBHÍS.</td><td>Oibrithe</td></tr>
<tr><td>3. CAIPITEAL</td><td>NÍ AR BITH A DHÉANANN AN DUINE A ÚSÁIDTEAR I dTÁIRGEADH.</td><td>Innealra</td></tr>
<tr><td>4. FIONTRAÍOCHT</td><td>Glacann duine an riosca a bhaineann le gnólacht a bhunú le brabús a dhéanamh ag éirí as smaoineamh a bhí ag an duine sin.</td><td>TOM KEOGH</td></tr>
</table>
</td><td>24<br>6 @ 4</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (ii) | An dóigh leat go bhfuil tábhacht ag baint le fiontraithe maidir le forbairt a dhéanamh ar gheilleagar na hÉireann? Mínigh do fhreagra. Tá: Níl:<br><br>Is Dóigh:<br><br>Míniú:<br><br>• Cruthaíonn fiontraithe fostaíocht – teastaíonn oibrithe uathu chun na hearraí agus na seirbhísí a tháirgeadh.<br>• Eagraíonn fiontraithe na tosca eile den táirgeacht– Gan na fiontraithe bheadh tosca na táirgeachta díomhaoin.<br>• Cinneann fiontraithe an t-aschur – cad iad na hearraí agus na seirbhísí atá le táirgeadh agus cad iad na cainníochtaí.<br>• Tuarann siad éileamh na dtomhaltóirí – cinneann siad na praghsanna a ghearrfar.<br>• Cuidíonn fiontraithe le hioncam a ghiniúint – don rialtas trí Cháin Chorparáide, CBL agus ÍMAT a ghiniúint.<br>• D'fhéadfaidís easpórtálacha a mhéadú – Má dhéantar na hearraí agus na seirbhísí a tháirgtear a easpórtáil, cuideoidh sé sin le comhardú na n-íocaíochtaí a fheabhsú<br>• Cuidigh le saibhreas a chruthú – a mbeidh fás eacnamaíoch laistigh den tír mar thoradh air. | 2<br><br>4 |
| **(b)**<br><br>**21** | (i) | Is earraí eacnamaíochta iad Keogh's Crisps agus ciallaíonn sé sin go bhfuil siad<br>• gann<br>• inaistrithe<br>• agus go soláthraíonn siad áirgiúlacht.<br><br>Mínigh dhá cheann ar bith de na téarmaí thuas<br><br>Gann:<br>tá teorainn le soláthar Keogh's crisps. Tá níos mó éilimh ná soláthar ann.<br>Níl mórán den táirge ar fáil[3]<br><br>Inaistrithe:<br>is féidir na criospaí a chur ar aghaidh ón díoltóir (Keogh) chuig an gceannaitheoir i.e. an tomhaltóir.<br><br>Áirgiúlacht:<br>tá na criospaí ábalta sásamh a sholáthar don tomhaltóir i.e. tá an tomhaltóir ag baint tairbhe as na criospaí a ithe. | **2 @ 7** |
| | (ii) | Tá Keogh's Crisps chun a gcumas táirgeachta a mhéadú 50%. (www.rte.ie)<br><br>De bharr an mhéadaithe sin beidh Keogh's Crisps in ann leas a bhaint as barainneachtaí scála.<br>Mínigh an téarma barainneachtaí Scála agus tagairt agat do Keogh's crisps.<br><br>Tagann barainneachtaí scála chun cinn de réir mar a mhéadaíonn an gnólacht a mhéid táirgeachta agus mar thoradh air sin laghdaítear an meánchostas fadtéarmach.<br>Bíonn titim sa chostas in aghaidh an aonaid de réir mar a mhéadaíonn nó a mhéadaíonn an gnó i méid mar thoradh air sin. | **7** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br><br>**24** | <br><br>**(i)** | In Éirinn, ginimid beagnach 800,000 tonna dramhbhia gach bliain.<br>Arna chur in oiriúint ó epa.ie<br><br>Tabhair breac-chuntas ar chostas amháin don tsochaí a bhaineann le cur amú bia.<br><br>• Éagothrom: táimid ag cur bia amú agus ocras ar dhaoine eile. Is úsáid éagórach é as acmhainní ganna.<br>• Costas méadaithe neamhriachtanach bia don tomhaltóir / cur amú ioncaim.<br>• An costas ar dhiúscairt na dramhaíola i.e.táillí araide níos airde agus úsáid ioncaim chun íoc as diúscairt.<br>• An damáiste don chomhshaol mar gheall ar dhiúscairt na dramhaíola bia: ar an atmaisféar, úsáid uisce, úsáid talún srl. Tarlaíonn athrú aeráide mar gheall air.<br>• Tionchar an rótháirgthe ar an talamh.<br>• Úsáideann fás, próiseáil agus iompar bia méideanna suntasacha acmhainní (talamh, fuinneamh, uisce) rud a chuireann acmhainní ganna amú.<br>• Briseann bia i líonadh talún síos chun gáis cheaptha teasa a chruthú lena n-áirítear meatán a théann i gcion ar cháilíocht an aeir agus ar shláinte an phobail. | **8** |
| | **(ii)** | Déan cur síos ar bheart amháin a d'fhéadfadh tomhaltóirí a dhéanamh chun cur amú bia a laghdú.<br><br>• Tomhaltas a laghdú: ná ceannaigh ach an méid is gá. Gan barraíocht a riar.<br>• Déan siopadóireacht bia a phleanáil ar bhealach níos cúramaí: smaoinigh ar a bhfuil ag teastáil sula gceannóidh tú. Ullmhaigh liosta agus cloí leis.<br>• Laghdaigh tomhaltas bianna saoráideach mar go laghdóidh sé sin dramhaíl.<br>• Bain úsáid as fuílleach bia le béilí eile a ullmhú m.sh. lónta / ceapairí srl nó tabhair do dhaoine eile é.<br>• Úsáid an dramhaíl bia mar mhúirín le múirín a sholáthar don ghairdín.<br>• Stóráil: stóráil an bia i gceart sa chuisneoir/cófra. Bíodh tuiscint agat ar an difríocht idir dátaí dulta ó mhaith agus dáta is fearr roimh. | **8** |
| | **(iii)** | Déan cur síos ar bheart amháin a d'fhéadfadh táirgeoirí a dhéanamh chun cur amú bia a laghdú.<br><br>• Infheistiú i gcórais táirgthe éifeachtúla a íoslaghdaíonn dramhaíl.<br>• Nuáil: nuair is féidir táirg táirgí ón 'dhramhaíl' a ghintear ionas nach ngintear aon dramhaíl.<br>• Más cuí, scor de dhátaí 'dulta ó mhaith' ionas gur féidir fad a chur le seilfré na dtáirgí.<br>• Úsáid táirgí a measadh, san am atá caite, nach raibh siad 'foirfe' lena dtaispeáint ionas gur féidir iad a dhíol e.g. trátaí; sútha talún etc.<br>• Úsáid scéimeanna deonacháin bia a mhéadú chun cuidiú le daoine ar ioncam níos ísle. | **8** |
| | | | |

# Dréacht - Meánleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire

Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.

**Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d'fhad míchuibhiúil.**

**Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínithe i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.**

| Roinn | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá** | Tá an ghné fiosrúcháin soiléir agus tá fianaise ann do chomhleanúnachas.<br><br>Tá na haidhmeanna doiléir go leor i gcomhthéacs ach baineann sé roinnt riachtanais amach.<br><br>Iarracht réasúnta maith déanta ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Iarracht bunúsach ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama.<br>Tá easpa doimhneacht agus struchtúr sa tuairisc.<br><br>Tá na haidhmeanna an-doiléir agus taispeánann sé tuiscint teoranta don téama agus an LOI.<br><br>Iarracht doiléir ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Leibhéal an-bhunúsach d'fhreagra.<br><br>Nascadh an-íseal don ghné fiosrúcháin leis an téama nó na Torthaí Foghlama.<br><br>Tá na haidhmeanna a chuirtear ar fáil an-íseal gan struchtúr. | Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar.<br><br>Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama.<br><br>Níl aidhmeanna ar bith curtha ar fáil. |
| **10 marc** | **8-10** | **6-7** | **4-5** | **0-3** |
| **Fianaise ar shonraí:<br>5 mharc** | **5** | **Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.** | **Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.** | |

| An Próiseas Taighde<br>40 marc | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **An-mhaith<br>8-10** | **Maith<br>6-7** | **Réasúnta<br>4-5** | **Lag<br>0-3** |
| **Úsáid & Anailís** | Úsáid mhaith agus anailís ar phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin. | Úsáid shimplí d'phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin. | Iarracht shimplí, cineál doiléir chun coincheap/teoiric a chuir leis an ghné fhiosrúcháin. | Níl úsáid coincheap/teoiric ar bith leis an ghné fhiosrúcháin. Tá coincheapa agus teoiric neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. |
| **Léirmhíniú & Luachái l** | Anailís agus léirmhíniú bunúsach agus luacháil ar fhoinsí eolais agus sonraí a úsáidtear.<br>Déanann na coincheapa agus teoiric a úsáidtear nascanna trialach chuig páirt don phróiseas taighde.<br>I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár. | Anailís & léirmhíniú an-bhunúsach agus ar fhoinsí eolais.<br>Is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár.<br>Tá na coincheapa cineál ábhartha agus cuirtear iad leis an ghné fhiosrúcháin in amanna. | Tá an taighde a dhéantar ar shonraí agus foinsí eolais an-íseal a fhágann léirmhíniú bheag nó léirmhíniú ar bith. | Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Beagán fianaise do luacháil. |
| **Argóintí & Breithiúnais** | Cuirtear cuid argóintí agus breithiúnais maithe ar fáil atá nasctha ar dóigheanna chuig coincheapa agus teoiric eacnamaíochta. | Tá na hargóintí/breithiúnais a chuirtear ar fáil an-teoranta agus is féidir nach bhfuil siad ábhartha. | An-teoranta má tá argóintí nó breithiúnais ar bith curtha ar fáil. | Ní chuirtear aon argóint agus breithiúnais ar fáil. |
| **Sonraí** | Tá na foinsí eolais agus sonraí atá in úsáid ábhartha agus suas chun dáta ach an-teoranta i dtaca le cáilíocht agus caighdeán. | Tá foinsí eolais agus sonraí, má tá siad san áireamh, ábhartha go pointe agus tá féidearthacht go bhfuil cuid acu suas chun dáta. | Tá an fhianaise do na foinsí eolais a úsáidtear agus na sonraí an-teoranta agus an-doiléir.<br>Beagán fianaise. | Níl na foinsí eolais atá in úsáid nó sonraí soiléir. |
| **marc iomlán an Phróiseas Taighde** | **31-40** | **21-30** | **11-20** | **0-10** |

| | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Conclúid** | Conclúid áirithe bunaithe go soiléir ar an anailís agus luachái bunúsach don fhianaise le nasc maith chuig coincheapa & teoiric.<br><br>Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach.<br><br>Easpa struchtúr & doimhneacht leis na moltaí.<br><br>Moltar ceist ábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua. | Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar anailís agus luachái an-bhunúsach (má dhéantar ceachtar acu) le roinnt fianaise teoranta go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa/teoiric.<br><br>Baintear cuid d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt. Is féidir go bhfuil iad seo neamhábhartha nó mícheart. | Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh.<br>Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha.<br><br>Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe.<br>Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe. | Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta gan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid.<br><br>Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach.<br>Cuid mhór athdhéanamh agus athrá. |
| **20 marc** | **16-20** | **12-15** | **8-11** | **0-7** |
| **Machnamh** | Tá machnamh pearsanta ar an SRP le feiceáil. Ceapann & machnaíonn scoláirí ar roinnt gnéithe dá bhfoghlaim.<br>Machnamh bunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Iarracht déanta ar mhachnamh pearsanta bunúsach ar ghnéithe áirithe don SRP.<br><br>Machnamh an-bhunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar.<br><br>Machnamh teoranta (má dhéantar machnamh ar bith) déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha.<br><br>Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. |
| **10 marc** | **8-10** | **6-7** | **4-5** | **0-3** |
| **Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnachas Iomlán** | Tá an SRP ciallmhar agus loighciúil go leor. Tá an teanga, na coincheapa & na sonraí imeasctha go pointe chun gluais & struchtúr bunúsach a thabhairt.Tá cumarsáid sonraí & eolais soiléir ach simplí.Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Tá easpa ciall agus fócas ag an SRP.<br><br>Tá easpa fócas & struchtúr ag an teanga, na coincheapa & na sonraí & is féidir go mbeidh an tuairisc deacair le leanúint. Easpa comhsheasmhacht.<br><br>Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt.<br><br>Tá an teanga, na coincheapa & sonraí an-íseal agus mearaithe le cuid mhór earráidí fríd.<br><br>Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Níl struchtúr agus comhleanúnachas ar bith leis an SRP seo. Ábhar neamhábhartha agus earráidí mhóra.<br><br>Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc. |
| **15 marc** | **12-15** | **9-11** | **6-8** | **0-5** |